An Coimisiún Pleanála

*LEABHRÁN FAISNÉISE*

Comórtas oscailte le haghaidh ceapadh chuig an bpost seo:

**Éiceolaí (Grád II)**

**An Dáta Deiridh ar a nglacfar le hiarratais chomhlánaithe:**

**1 Bealtaine 2026 ag 3.00 p.m.**

**IS FOSTÓIR COMHDHEISEANNA É AN COIMISIÚN PLEANÁLA**

| | |
|---|---|
| **TEIDEAL AN PHOIST:** | Éiceolaí |
| **GRÁD:** | (Innealtóir Ghrád II) |
| **CINEÁL AN PHOIST:** | Post buan lánaimseartha |
| **LÁTHAIR:** | 64 Sráid Maoilbhríde, Baile Átha Cliath 1, D01 V902 |

## 1.0 Faisnéis Chúlra

Is é an Coimisiún Pleanála comhlacht pleanála náisiúnta na hÉireann atá freagrach as cinntí neamhspleácha tráthúla garbhreithiúnacha a dhéanamh i ndáil le hachomhairc a eascraíonn as cinntí údaráis pleanála agus as iarratais dhíreacha a bhaineann le tionscadail bhonneagair straitéisigh. Táimid freagrach freisin as cinneadh a dhéanamh ar thograí le haghaidh fáil éigeantach talún ag údaráis áitiúla, i measc raon feidhmeanna eile pleanála atá againn.

Is faoi reachtaíocht pleanála chasta ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais Eorpaigh a oibríonn an Coimisiún Pleanála. Bunaíodh sinn an 18 Meitheamh 2025 faoi Chuid 17 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2024, agus gaireadh an Bord Pleanála (a bunaíodh sa bhliain 1977) dínn roimhe sin.

Mar gheall ar na móréilimh oibríochtúla mhéadaithe a leagtar ar an gCoimisiún Pleanála, teastaíonn cur chuige eagraíochtúil nuadhírithe chun tacú le hoibríochtaí éifeachtacha ar fud an Choimisiúin ionas gur féidir leis an sainordú atá aige agus ionchais an phobail a chomhlíonadh.

Is féidir tuilleadh mionsonraí faoi ról agus obair an Choimisiúin Pleanála a aimsiú ag [www.pleanala.ie](http://www.pleanala.ie)

### Struchtúr Foirne agus Caidrimh Thuairiscithe

Tá 298 bhfostaí ag an gCoimisiún Pleanála faoi láthair, lena n-áirítear 14 Choimisinéir Pleanála. Tá eagraghram curtha ar áireamh ag deireadh an leabhráin seo **(Aguisín 1)**.

Is iad beirt Stiúrthóirí Pleanála a stiúrann an Rannán Oibríochtaí Pleanála, agus iad ag tuairisciú go díreach don Phríomhoifigeach. Tá an Rannán Oibríochtaí Pleanála

eagraithe ina dhá réimse: (a) gnáthachomhairc phleanála agus cineálacha eile achomharc/cásanna; agus (b) iarratais dhíreacha, lena n-áirítear cásanna bonneagair straitéisigh agus feidhmeanna nua faoin reachtaíocht mhuirí, dramhaíola agus bóithre, etc. Tá Stiúrthóir Pleanála amháin i gceannas ar gach ceann díobh. Beidh an tÉiceolaí a cheapfar ina c(h)uid d'fhoireann speisialtóirí comhshaoil agus teicniúla agus beidh sé/sí ina b(h)all den Rannán Oibríochtaí Pleanála, agus é/í ag obair ar chásanna a thagann os comhair an Choimisiúin faoi na forálacha den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2024, arna leasú, den Acht um Pleanáil Limistéir Mhuirí, 2021, agus de rialacháin ghaolmhara.

Ceanglófar ar an Éiceolaí comhairle agus tacaíocht shaineolach agus ionchur saineolach a thabhairt don chigireacht agus do na Coimisinéirí Pleanála, nuair is gá, i ndáil le measúnachtaí bithéagsúlachta agus éiceolaíocha agus go háirithe i ndáil le Measúnachtaí Cuí, Measúnachtaí Tionchair Timpeallachta agus Measúnachtaí faoin gCreat-treoir Uisce agus an méid sin a dhéanamh de réir reachtaíocht náisiúnta agus Eorpach, agus meastóireacht á déanamh ar na tionchair is dócha a bheidh ag tionscadal beartaithe nó ag forbairt bheartaithe ar an gcomhshaol. Is an-tairbheach a bheadh saineolas ar éaneolaíocht (talún agus/nó mhuirí), ar speicis faoi chosaint, ar éiceolaíocht fionnuisce nó ar éiceolaíocht mhuirí.

Beidh siad freagrach freisin as tionscnaimh oiliúna a eagrú, as eolas a chomhroinnt agus as an dul chun cinn is deireanaí ina réimse saineolais féin a chur in iúl, mar aon leis an gcigireacht a threorú agus meantóireacht a dhéanamh uirthi.

Tá na róil speisialtóra coibhéiseach le ról an Chigire Pleanála agus beidh siad lonnaithe san Aonad Comhshaoil laistigh den Rannán Oibríochtaí Pleanála, agus caidreamh tuairiscithe laethúil ar bun le Stiúrthóir Cúnta. Is é a bheidh i gceist leis an ról freisin idirghníomhú leis na Stiúrthóirí Pleanála, le Stiúrthóirí Cúnta eile, le Cigirí Sinsearacha Pleanála, le Cigirí Pleanála, le speisialtóirí eile comhshaoil agus éiceolaíochta, le rannóga riaracháin pleanála, leis an bPríomh-Choimisinéir Pleanála, leis an Leas-Phríomhchoimisinéir Pleanála agus le baill foirne ar fud na heagraíochta.

Tá obair chumaisc ar fáil do bhaill foirne sa ról seo, faoi réir riachtanais oibríochtúla an Choimisiúin.

## An Comhthéacs Eagraíochtúil Reatha

Seasann an Coimisiún Pleanála leis an seasamh atá aige mar eadránaí neamhspleách ar nithe pleanála agus forbartha inchothaithe in Éirinn. Cuimsíonn an comhthéacs eagraíochtúil dúshlánach na nithe seo a leanas:

- Cur chun feidhme an Tríú Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite agus na n-amlínte gaolmhara; agus ceanglais maidir le caidreamh mionsonraithe réamhiarratais agus maidir le scóipeáil le haghaidh measúnacht tionchair timpeallachta;
- Cur chun feidhme an athchóirithe chuimsithigh ar an reachtaíocht pleanála faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2024, go háirithe tabhairt isteach amlínte éigeantacha;
- Cur chun feidhme na bhforálacha den Acht um Pleanáil Limistéir Mhuirí, 2021, chun déileáil leis an raon iarratas ar mhórfhorbairt bonneagair mhuirí mar atá sonraithe san Acht agus leis na forbairtí beartaithe san earnáil muirthimpeallachta agus san earnáil fuinnimh in-athnuaite faoin bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide;
- Forbairtí bonneagair straitéisigh a bhaineann leis na saoráidí fuinnimh, iompair, dramhaíola, gáis agus draenála artairí agus na saoráidí eile ar dóigh dóibh teacht chun cinn sna blianta atá le teacht;
- Achomhairc i leith Forbairtí Cónaithe Mórscála a eascraíonn as an Acht um Pleanáil agus Forbairt (Leasú) (Forbairtí Cónaithe Mórscála), 2021;
- Timpeallacht rialála pleanála a bhíonn ag éirí níos casta i gcónaí agus ina gcuirtear béim ar chosaint an chomhshaoil, lena n-áirítear gnáthóga agus bithéagsúlacht a chosaint;
- Cur chun feidhme leanúnach an tionscadail nua um Chóras Bainistíochta Cásanna, lena soláthraítear córas saincheaptha bainistíochta cásanna don eagraíocht;

- Seirbhísí breisithe ar líne don phobal, agus inniúlachtaí breisithe GIS;
- An gá le tionscnaimh um athrú agus athchóiriú a sheoladh ar mhaithe le torthaí níos fearr a bhrú chun cinn ar fud na hearnála poiblí;
- Oiriúnú do na dúshláin a ghabhann le timpeallacht nua oibre cumaisc, agus na dúshláin sin a shárú; agus
- Feabhsú leantach feidhmíochta a mhéid a bhaineann le riachtanais oibríochtúla an Choimisiúin Pleanála.

## 2.0 Príomhdhualgais

**Oibríochtúil**

- Tacaíocht theicniúil shaineolach éiceolaíoch, comhairle ghairmiúil shaineolach éiceolaíoch agus anailís shaineolach éiceolaíoch atá fónta a thabhairt don chigireacht agus do na Coimisinéirí i ndáil le cásanna agus saincheisteanna sonracha, go háirithe bithéagsúlacht, éaneolaíocht, nithe comhshaoil agus/nó nithe muirí, Measúnacht Tionchair Timpeallachta, Measúnacht Chuí, Measúnacht Tionchair Éiceolaíoch agus an Chreat-treoir Uisce;
- Cabhrú le tuairisc a thabhairt ar Achomhairc Phleanála, ar Fhorbairt Bonneagair Straitéisigh agus ar chásanna Muirí agus Aeráide, lena n-áirítear páirt a ghlacadh i gcruinnithe comhairliúcháin réamhiarratais, de réir mar is gá;
- Cabhrú le tuairisc a thabhairt, agus measúnú a dhéanamh, ar fhorbairtí beartaithe a eascraíonn as comhairliúcháin den sórt sin, nuair is gá;
- Ábhair inmheánacha oiliúna agus treoirdhoiciméid inmheánacha a fhorbairt agus modúil chuí oiliúna a eagrú leis an gcigireacht agus leis na Coimisinéirí;
- Tacaíocht agus treoir a thabhairt do bhaill foirne agus do phleanálaithe gairmiúla laistigh den Choimisiún Pleanála, agus sárchaighdeáin eolais agus dea-chleachtais á socrú i dtimpeallacht mhearathraitheach;
- A chinntiú go bhfuil rochtain ann laistigh den Choimisiún Pleanála ar shonraí, faisnéis agus treoir ardchaighdeáin ó thaobh nithe teicniúla/comhshaoil de agus/nó ó thaobh nithe muirí de;

- Cabhrú leis an gcigireacht a shainaithint cén uair a bhíonn gá le cúnamh ónár bpainéil sheachtracha sainchomhairleoirí, agus tacaíocht theicniúil a thabhairt don chigire maidir leis an saineolas sin a lorg;
- Coinneáil ar an eolas faoi fhorbairtí dea-chleachtais agus forbairtí nua i mbeartais bhithéagsúlachta agus mheasúnachta tionchair éiceolaíoch/timpeallachta agus Mheasúnachta Cuí agus i reachtaíocht bithéagsúlachta agus measúnachta tionchair éiceolaíoch/timpeallachta agus Measúnachta Cuí ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal idirnáisiúnta, lena n-áirítear breithiúnais sna Cúirteanna Eorpacha agus Éireannacha;
- A chinntiú go bhfuil an saineolas lena mbaineann cuí chun déileáil le gach céim tosaíochta le linn cásobair chasta; agus
- A bheith ar fáil chun dul i gcomhairle leis na Stiúrthóirí Pleanála, le haon Stiúrthóirí eile agus le Stiúrthóirí Cúnta, le Cigirí Pleanála, le Coimisinéirí Pleanála agus le baill foirne Riaracháin ar bhonn laethúil.

**Bunaithe ar an saineolas lena mbaineann, is féidir go n-iarrfar ar speisialtóirí na nithe seo a leanas a dhéanamh:**

- Measúnachtaí teicniúla éiceolaíocha a dhéanamh i gcomhthéacs Measúnachta Tionchair Timpeallachta, Measúnachta Cuí agus na Creat-treorach Uisce;
- Foinsí sonraí a shainaithint agus sonraí a thiomsú, a anailísiú agus a léirmhíniú;
- Obair suirbhé a athbhreithniú agus comhairle a thabhairt ar chineálacha modheolaíocha cur chuige atá in iarratais phleanála a cuireadh isteach;
- Páipéir theicniúla a scríobh agus moltaí a eisiúint;
- Rannchuidiú leis an díospóireacht faoi athruithe ar bheartas agus reachtaíocht, de réir mar is gá (agus i gcomhar le Ranna iomchuí Rialtais, ag gníomhú dóibh tríd an Stiúrthóir Cúnta);
- Meantóireacht a dhéanamh ar an gcigireacht, agus comhairle a chur uirthi, maidir le saincheisteanna a bhaineann le nithe teicniúla agus comhshaoil, lena

n-áirítear Measúnacht Tionchair Timpeallachta, Measúnacht Chuí agus bithéagsúlacht;

- Ionchur a thabhairt i leith tionscnaimh oiliúna; agus
- Piar-athbhreithniú a dhéanamh ar thuarascálacha ó chigirí i ndáil le nithe comhshaoil.

**Feabhsú Leantach na hEagraíochta**

- Páirt a ghlacadh, de réir mar is gá, i ngrúpaí/coistí a bhunaítear chun plé leis an líon mór feidhmeanna comhairliúcháin a chuireann baill foirne i gcrích, e.g., Coistí an Rannáin Oibríochtaí Pleanála, Coistí Cigireachta, grúpaí oibre, cruinnithe míosúla cigireachta, etc.;
- Taighde/anailís a dhéanamh ar bhonn aonair nó mar bhall d'fhoireann, de réir mar is gá agus de réir mar a ordóidh na Stiúrthóirí Pleanála agus/nó na Stiúrthóirí Cúnta. Is é is féidir a bheith i gceist leis sin ná meantóireacht a dhéanamh ar thionscadail taighde de chuid mac léinn;
- Rannchuidiú le tionscnaimh inmheánacha forbartha gairmiúla leanúnaí/oiliúna a fhorbairt agus a chur chun feidhme; agus
- Rannchuidiú le tionscnaimh atá ceaptha chun tacú le hathchóiriú na hearnála poiblí agus le feabhsú leantach i réimsí saineolais.

## 3.0 Cáilíochtaí agus Taithí

### Ceanglais Bhunriachtanacha

**Ní mór d'iarrthóirí na nithe seo a leanas a bheith acu an 1 Bealtaine 2026 nó roimh an dáta sin:**

I Céim Onóracha (leibhéal 8 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí nó a choibhéis) in aon cheann de na hábhair seo a leanas:

- Zó-eolaíocht
- Luibheolaíocht
- Éiceolaíocht/Éaneolaíocht

- Éiceolaíocht Mhuirí
- Eolaíocht Mhuirí
- ábhar coibhéiseach eile

*Níl an liosta thuas ina liosta uileghabhálach de na cáilíochtaí ar féidir go mbeidh siad oiriúnach don phost.*

II Taithí **5 bliana** ar a laghad laistigh den réimse iomchuí saineolais, ar taithí í **a gnóthaíodh tar éis cáiliú**. Ní mór **dhá bhliain ar a laghad** den tréimhse sin a bheith caite ar phróisis reachtúla Mheasúnachta Tionchair Timpeallachta agus/nó Mheasúnachta Cuí agus tuarascálacha gaolmhara comhshaoil a ullmhú/a bhainistiú/a athbhreithniú agus ar bheartais iomchuí chomhshaoil agus reachtaíocht iomchuí comhshaoil a léirmhíniú agus a chur chun feidhme mar phríomh-ghnáthfhreagracht laethúil.

III Cumas chun tuiscint a léiriú ar na srianta éiceolaíocha talún agus/nó muirí agus ar na dúshláin éiceolaíocha talún agus/nó mhuirí a bhaineann le raon leathan tionscadal a thagann os comhair an Choimisiúin, lena n-áirítear tionscadail fuinnimh in-athnuaite agus tionscadail eile mhórscála.

IV Ballraíocht den chomhlacht gairmiúil is iomchuí dá réimse cáilíochtaí agus/nó saineolais, nó incháilitheacht le haghaidh ballraíocht den chomhlacht sin.

V Eolas ar an bpleanáil, ar a cineál, ar an gcuspóir atá léi agus ar an ról atá aici i mbeartas poiblí in Éirinn agus sa chomhthéacs idirnáisiúnta.

**Cáilíochtaí Inmhianaithe**

Is an-tairbheach a bheadh saineolas speisialtóra ar na réimsí seo a leanas agus/nó cáilíochtaí iarchéime iontu.

- Éaneolaíocht
- Speicis/mamaigh/mamaigh mhuirí faoi chosaint
- Éiceolaíocht fionnuisce
- Éiceolaíocht Mhuirí
- Eolaíocht Mhuirí

**Taithí Bhunriachtanach**

*Nóta: breithneofar freisin iarratasóirí ó dhlínsí eile a bhfuil taithí den chineál céanna acu (agus a chomhlíonann na ceanglais 'incháilitheacht chun dul san iomaíocht' atá leagtha amach níos déanaí sa doiciméad seo), agus tugtar spreagadh dóibh iarratas a dhéanamh.*

- Eolas saineolach agus taithí shaineolach ar shaincheisteanna comhshaoil agus ar reachtaíocht iomchuí ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal Eorpach araon, lena n-áirítear eolas agus taithí ar bheartas na hÉireann (nó ar bheartas Eorpach comhchosúil) a mhéid a bhaineann le Measúnacht Tionchair Timpeallachta, le Measúnacht Chuí agus/nó leis an gCreat-treoir Uisce.
- Eolas ar an Acht um Pleanáil agus Forbairt agus ar an ról, na freagrachtaí agus na saincheisteanna a thagann chun cinn don Choimisiún Pleanála faoin reachtaíocht sin.
- Eolas oibre ar an Acht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021, agus ar an bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2025.
- Tuiscint ar an Tríú Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite agus ar na himpleachtaí atá aici.
- Taithí ar dhéileáil le tionscadail bhonneagair, mar shampla tionscadail iompair, tionscadail bhonneagair fuinnimh, tionscadail uisce, tionscadail dramhaíola, agus tionscadail tithíochta.
- An cumas chun cásobair chasta a mheasúnú agus a anailísiú, agus dea-scileanna anailíseacha i ndáil le moltaí a dhéanamh do chomhghleacaithe, ar moltaí iad a thacaíonn le pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe agus as a dtagann tuarascálacha atá achomair agus soiléir agus a chuirtear i láthair de réir ardchaighdeáin.
- Scileanna éifeachtacha cumarsáide béil, mar aon leis an gcumas chun caidrimh idirphearsanta láidre a fhorbairt ar fud na heagraíochta agus le geallsealbhóirí seachtracha iomchuí.
- An cumas chun obair gan treoir agus ar a dtionscnamh féin gan tacaíocht iomarcach.
- Sárscileanna scríbhneoireachta tuarascálacha.

- An cumas chun ualach oibre a bhainistiú, a phleanáil agus a eagrú ar bhealach atá éifeachtach agus éifeachtúil agus ina dtacaítear le gnóthú chuspóirí foriomlána na heagraíochta.
- Tuiscint shoiléir ar ról an Choimisiúin Pleanála agus ar na dúshláin a thagann roimhe, agus tiomantas don ról sin a chomhlíonadh agus do na dúshláin sin a shárú.

## 4.0 Sonraíocht faoin bPearsa

Ba cheart don iarrthóir is fearr:

- A bheith tiomanta do chloí i gcónaí le caighdeáin agus luachanna gairmiúla na hearnála poiblí;
- A bheith iontaofa agus solúbtha, agus an cumas aige/aici obair ar raon éagsúil cineálacha cásanna;
- Tionscnamh agus spéis a léiriú maidir le forbairt agus feabhsú leanúnach na heagraíochta a chur chun cinn ar aon dul leis na spriocanna straitéiseacha atá aici;
- Scileanna idirphearsanta láidre a bheith aige/aici, agus cumas aige/aici cumarsáid éifeachtach a dhéanamh leis an lucht ardbhainistíochta agus le custaiméirí inmheánacha agus seachtracha;
- A bheith críochnúil agus cruinn agus é/í i mbun a c(h)uid oibre;
- A bheith féin-inspreagtha, agus cumas cruthaithe aige/aici rudaí a chur i gcrích agus obair de réir spriocdhátaí;
- An cumas a bheith aige/aici obair ar bhonn aonair agus mar chuid d’fhoireann araon; agus
- An cumas a bheith aige/aici obair gan treoir agus ar a t(h)ionscnamh féin gan tacaíocht iomarcach.

## 5.0 Príomhinniúlachtaí le haghaidh Feidhmíocht Éifeachtach (Aguisín 2)

- Saineolas, Oilteacht agus Féinfhorbairt.

- Scileanna Idirphearsanta agus Cumarsáide.
- Treallús agus Tiomantas.

## 6.0 An Próiseas Roghnúcháin

Beidh an méid seo a leanas i gceist leis an bpróiseas roghnúcháin:

- Iarrthóirí a ghearrliostú ar bhonn na faisnéise atá ina n-iarratas.
- Agallamh iomaíoch.

De ghnáth, is mó an líon iarratas a fhaightear le haghaidh poist ná an líon a theastaíonn chun folúntais reatha agus folúntais amach anseo a líonadh. Fiú amháin i gcás go gcomhlíonfaidh iarrthóirí critéir incháilitheachta an chomórtais, is féidir go gcinnfidh an Coimisiún Pleanála nach ngairfear ach líon áirithe iarrthóirí chun agallaimh i gcás nach mbeadh sé praiticiúil na hiarrthóirí uile a thabhairt ar aghaidh chuig an gcéad chéim eile den phróiseas roghnúcháin de bharr an lín atá ag déanamh iarratas ar phost.

Chuige sin, úsáidfear próiseas gearrliostaithe a bheidh bunaithe ar scrúdú ar na foirmeacha iarratais agus ar na ceanglais bhunriachtanacha agus inmhianaithe le haghaidh na bpost chun roghnú a dhéanamh ar ghrúpa daoine a thabharfar ar aghaidh chuig an gcéad chéim eile den phróiseas, ar daoine iad a mheasfar a bheith ar na daoine is oiriúnaí don phost. Dá bhrí sin, tá sé le do leas féin cuntas mionsonraithe cruinn a thabhairt ar conas a chomhlíonann do scileanna, do bhuanna pearsanta, do cháilíochtaí agus do thaithí ceanglais bhunriachtanacha agus inmhianaithe an phoist.

Is gá d'iarrthóirí a bheith ar fáil le haghaidh agalla(i)mh, agus is ar a gcostas féin a bheidh sé sin. Ní féidir dáta(í) ná am(anna) leithdháilte na tástála agus/nó an agallaimh a athrú. **Iarrthóirí nach bhfreastalaíonn ar agalla(i)mh, etc., nuair is gá, ní bheidh aon éileamh ar a mbreithniú acu a thuilleadh agus measfar a n-iarrthóireacht a bheith tarraingthe siar**.

Is féidir go ndícháileofar aon iarrthóirí a sholáthraíonn faisnéis bhréagach nó mhíthreorach ina n-iarratas nó is féidir go bhfoirceannfar a bhfostaíocht. Déanfaimid

ár ndícheall iarrthóirí a chur ar an eolas faoi dhul chun cinn a n-iarratais a luaithe is féidir.

**Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt faoi deara go ndícháileofaí iad dá dtabharfadh siad faoi chanbhasáil agus nach mbeadh siad curtha san áireamh sa phróiseas dá bharr.**

## 7.0 An Próiseas Iarratais

Ní mór an Fhoirm Iarratais le haghaidh phost an **Éiceolaí** a chomhlánú go hiomlán agus a chur isteach i gceart chuig an seoladh ríomhphoist sonraithe. Ní ghlacfar le foirmeacha iarratais atá curtha isteach go mícheart. Mar sin de, tabhair aird chúramach ar an bhfaisnéis seo a leanas:

> **Ní mór an fhoirm iarratais a bheith i ndoiciméad Word is féidir a chur in eagar nó i bhformáid PDF. Nuair a bheidh an fhoirm iarratais comhlánaithe, sábháil an doiciméad mar:**
>
> **"Éiceolaí - d'ainm.docx".**
>
> **Ceanglófar ort an fhoirm iarratais a cheangal le ríomhphost lena cur isteach nuair a bheidh sí comhlánaithe.**

**An fhoirm a chur isteach:**

Agus an fhoirm comhlánaithe agat, ceanglófar ort í a chur isteach chuig an seoladh seo a leanas: recruitment@pleanala.ie

Ní ghlacfar isteach sa phróiseas comórtais ach amháin le hiarratais atá lán-chomhlánaithe san fhormáid chuí agus atá curtha isteach ar líne. Má bhíonn aon deacrachtaí agat an fhoirm iarratais a chomhlánú nó a rochtain, seol ríomhphost chuig recruitment@pleanala.ie nó v.kennedy@pleanala.ie

Seolaimid admháil i leith gach iarratais a fhaightear. Mura mbeidh admháil faighte agat laistigh de thrí lá oibre ó iarratas a dhéanamh, seol ríomhphost chuig a.litster@pleanala.ie

**Ná cuir Curriculum Vitae isteach i dteannta d'iarratais toisc nach mbreithneofar é.**

## Dáta Deiridh:

## 1 Bealtaine 2026.

## Tabhair faoi Deara

Déanaimid ár ndícheall an oiread fógra roimh ré agus is féidir a thabhairt faoi dhátaí tástála/agallaimh, etc.  Meastar, áfach, go seolfar na hagallaimh i mí na Bealtaine. Ba cheart d'iarrthóirí iad féin a chur ar fáil timpeall an ama sin.

## Gearrliostú

I gcás go seolfar cleachtadh gearrliostaithe, déanfar an fhaisnéis atá tugtha i d'iarratas a scrúdú agus a mheasúnú i gcomparáid leis na critéir, bunaithe ar cheanglais an phoist.

Is féidir go mbunófar painéal ar féidir go ndéanfar ceapacháin shealadacha nó bhuana sa todhchaí uaidh.

## Teistiméireachtaí

Déan breithniú ar ainmneacha daoine a mheasfá a bheith ina dteistiméirí oiriúnacha a bhféadfaimis dul i gcomhairle leo (2 - 3 ainm agus mionsonraí teagmhála).  Ba cheart do d'fhostóir reatha a bheith i measc na dteistiméirí.  Is féidir leat a bheith cinnte de nach ndéanfaimis na mionsonraí a bhailiú ná dul i dteagmháil le teistiméirí ach amháin dá ndéanfaí breithniú ort tar éis chéim an agallaimh.

## 8.0 Príomhchoinníollacha Seirbhíse

### 1. Ginearálta:

Is chuig post bunaithe sa tSeirbhís Phoiblí atá an ceapachán. Beidh feidhm ag tréimhse phromhaidh a mhairfidh bliain amháin ó dháta an cheapacháin. Le linn na tréimhse promhaidh, beidh feidhmíocht an cheapaí faoi réir athbhreithnithe ag a b(h)ainisteoir líne chun a chinneadh:

(i) ar fheidhmigh an ceapaí go sásúil i gcomhréir le hinniúlachtaí ról an chigire pleanála,

(ii) an raibh an ceapaí sásúil ó thaobh iompair ghinearálta de, agus

(iii) an bhfuil an ceapaí oiriúnach ó thaobh na sláinte de, go háirithe ag féachaint do shaoire bhreoiteachta.

Sula gcríochnófar an promhadh, déanfar cinneadh ar cé acu a choinneofar nó nach gcoinneofar an ceapaí. Bunófar an cinneadh sin ar fheidhmíocht an cheapaí, agus í á measúnú i gcomparáid leis na critéir atá leagtha amach i bhfomhíreanna (i) go (iii) thuas. Déanfar mionsonraí an phróisis promhaidh a mhíniú don cheapaí agus tabharfar cóip de na treoirlínte maidir le promhadh ón gCoimisiún Pleanála don cheapaí.

### 2. Tuarastal:

Is é seo a leanas an tuarastal don phost seo: **(le héifeacht ón 01 Feabhra 2026) – Scála ranníocaíochta pearsanta pinsin (i gcás oifigigh a ceapadh an 6 Aibreán 1995 nó tar éis an dáta sin).**

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| €75,448 | €77,172 | €78,891 | €80,619 | €82,342 |
| €82,801 | €84,499 | €86,262 | €89,133[1] | €92,011[2] |

*Breisíocht Fadseirbhíse 1 (LSI1) tar éis seirbhís shásúil 3 bliana ag an uasphointe.*

*Breisíocht Fadseirbhíse 2 (LSI2) tar éis seirbhís shásúil 6 bliana ag an uasphointe.*

**Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt faoi deara gur féidir go gcoigeartófar an ráta luach saothair ó am go ham ar aon dul le beartas pá an Rialtais.** Féadfar breisíochtaí a dhámhachtain gach bliain faoi réir feidhmíocht shásúil.

**Nóta Tábhachtach:**

Is féidir go mbeidh feidhm ag pá difriúil agus ag coinníollacha difriúla más rud é, díreach roimh an gceapachán, gur Státseirbhíseach nó Seirbhíseach Poiblí atá ag fónamh faoi láthair é/í an ceapaí.

Déanfar íocaíocht gach coicís i riaráiste trí Ríomhaistriú Airgid isteach i gcuntas bainc a roghnaíonn oifigeach. Ní féidir íocaíocht a dhéanamh go dtí go mbeidh mionsonraí bainc tugtha.

## 3. Tionacht

Is post buan inphinsin é seo. Féadfaidh ceachtar taobh an fhostaíocht a fhoirceannadh tráth ar bith trí cibé fógra i scríbhinn is mó ná trí mhí a thabhairt, nó mar atá leagtha amach sna hAchtanna um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta, 1973 go 2005. I gcás mí-iompair, féadfar an fhostaíocht a fhoirceannadh tráth ar bith gan aon fhógra agus gan aon íocaíocht in ionad fógra. In aon chás eile, ní mór aon fhoirceannadh fostaíochta ag an gCoimisiún a bheith ar chúiseanna sonraithe.

## 4. Dualgais

Ceanglófar ar an oifigeach aon dualgais is cuí don phost agus a shannfar ó am go chéile a chomhlíonadh.

## 5. An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997

Beidh feidhm ag téarmaí an Achta um Eagrú Ama Oibre, 1997, maidir leis an gceapachán seo, de réir mar is cuí.

## 6. Uaireanta Freastail:

Seasfar uaireanta freastail ó am go chéile ach ní bheidh siad níos lú ná 41 uair agus 15 nóiméad mar uaireanta freastail comhlána sa tseachtain – 35 uair an chloig glan ar shosanna lóin. Beidh ar an sealbhóir poist seachtain oibre cúig lá a chur isteach. Is iad 9.15 a.m. go dtí 5.30 p.m. ó Luan go hAoine na gnáthuaireanta freastail. I gcás go bhfuil freastal breise ag teastáil chun dualgais nó tascanna ainmnithe a dhéanamh, áfach, níl aon ragobair ná luach saothair breise iníoctha. Tá obair chumaisc ar fáil do bhaill foirne, faoi réir riachtanais an róil agus na rannóige a bhfuil siad sannta di.

## 7. Saoire Bhliantúil:

**27** lá oibre sa bhliain a bheidh sa liúntas saoire bliantúla, rud a mhéadófar go **30** lá oibre tar éis seirbhís cúig bliana. Tá an liúntas sin (atá faoi réir na ngnáthchoinníollacha maidir le saoire bhliantúil a dheonú) bunaithe ar sheachtain cúig lá agus níl na gnáthlaethanta saoire poiblí ar áireamh ann.

## 8. Sláinte:

Ní mór d’iarrthóir don oifig agus d’aon duine atá i seilbh na hoifige bheith láninniúil agus lánábalta tabhairt faoi na dualgais a ghabhann leis an oifig agus ní mór staid sláinte a bheith aige/aici a thabharfadh le fios go bhfuil ionchas réasúnach ann go mbeidh sé/sí in ann seirbhís éifeachtúil thráthrialta a chur ar fáil. Ceanglófar orthu sin atá á mbreithniú le haghaidh poist dearbhú sláinte agus carachtair a chomhlánú.

## 9. Neamhláithreacht de dheasca breoiteachta

De réir fhorálacha Bheartas Bainistíochta Neamhláithreachta an Choimisiúin Pleanála agus de réir fhorálacha na gciorclán iomchuí maidir le saoire bhreoiteachta arna leasú ó am go ham, íocfar pá le linn saoire bhreoiteachta chuí-dheimhnithe ar bhonn pro rata, ar choinníoll nach mbeidh aon fhianaise ann go bhfuiltear míchumasach go buan le haghaidh seirbhíse.

Beidh ar cheapaithe a bheidh ag íoc ÁSPC ag ráta Aicme A sainordú a shíniú lena dtabharfar údarás don Roinn Coimirce Sóisialaí sochair ar bith atá dlite faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh a íoc go díreach leis an gCoimisiún Pleanála. Beidh íocaíocht tuarastail le linn na breoiteachta faoi réir na dtéarmaí agus coinníollacha saoire breoiteachta i ndáil leis an státseirbhís agus/nó leis an tseirbhís phoiblí go ginearálta agus beidh sí faoi réir na héilimh riachtanacha a bheith á ndéanamh ag an gceapaí ar shochar árachais shóisialta don Roinn Coimirce Sóisialaí laistigh den teorainn riachtanach ama.

## 10. Sannachán/Láthair

Beidh an t-iarrthóir rathúil lonnaithe in oifigí an Choimisiúin Pleanála, 64 Sráid Maoilbhríde, Baile Átha Cliath 1, D01 V902. Nuair a cheanglaítear air/uirthi taisteal ar dhualgas oifigiúil, íocfar speansais chuí taistil agus liúntais chuí chothaithe leis an gceapaí, faoi réir ghnáthrialacháin na Státseirbhíse.

## 11. Aoisliúntas

Déanfar na téarmaí agus coinníollacha pinsin cuí atá i réim sa Choimisiún Pleanála an tráth a thairgfear ceapachán a thairiscint don iarrthóir rathúil. Go ginearálta, agus seachas na hiarrthóirí a d’oibrigh i bpost inphinsin (téarmaí nach téarmaí scéime aonair iad) sa tseirbhís phoiblí sna 26 seachtaine sular ceapadh iad (féach an nóta tábhachtach thíos), ciallaíonn sé sin ceapachán a bheith á thairiscint bunaithe ar chomhaltas sa Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí

Aonair ("Scéim Aonair"). Cuirfear iarrthóirí ar an eolas, tráth a thairgfear ceapachán dóibh, faoi cén scéim a mbeidh feidhm aici maidir leo.

Tháinig an Scéim Aonair dá bhforáiltear san Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012, in éifeacht an 1 Eanáir 2013. Ón dáta sin ar aghaidh, beidh fostaithe nua sa tseirbhís phoiblí ina gcomhaltaí sa Scéim Aonair, rud lena soláthrófar pinsin sochair shainithe atá bainteach leis an bpraghasinnéacs do thomhaltóirí ar bhonn an mheánphá gairme. Beidh aois íosta pinsin na Scéime ceangailte le haois an Phinsin Stáit. Beidh scor ina éigeantas d'fhormhór na gcomhaltaí ar 70 bliain d'aois a shroicheadh dóibh. Chun tuilleadh faisnéise a fháil maidir leis an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair do Sheirbhísigh Phoiblí, féach: http://www.per.gov.ie/pensions

**Fabhrú Pinsin**

Beidh feidhm ag teorainn 40 bliain leis an tseirbhís iomlán is féidir a áireamh i gcomhair pinsin i gcás go raibh duine ina c(h)omhalta i níos mó ná scéim pinsean seirbhíse poiblí amháin atá ann cheana. Tháinig an teorainn 40 bliain sin dá bhforáiltear san Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012, in éifeacht an 28 Iúil 2012. Is féidir go mbeidh impleachtaí pinsin aige sin ar cheapaí ar bith a bhfuil cearta pinsin gnóthaithe aige i bpost sa tseirbhís phoiblí roimhe seo.

**Ranníocaíocht Bhreise Aoisliúntais**

Tá an ceapachán seo faoi réir na Ranníocaíochta Breise Aoisliúntais de réir an Achta um Pá agus Pinsin Seirbhíse Poiblí, 2017, rud is inmhuirir ar ioncam inphinsin agus ar an ioncam sin amháin.

**Nóta Tábhachtach**

Is iad sin thuas na príomhchoinníollacha seirbhíse agus níl sé beartaithe gur liosta cuimsitheach atá ann de na téarmaí agus de na coinníollacha fostaíochta ar fad a leagfar amach sa chonradh fostaíochta a chomhaontófar

leis an iarrthóir rathúil tráth a thairgfear ceapachán. Cinnfidh an Coimisiún Pleanála cé acu is "iontrálaí nua" é/í nó nach ea, i bhfianaise stair fostaíochta an cheapaí. Éileofar ar cheapaithe a stair iomlán seirbhíse poiblí a nochtadh.

**Dearbhú:**

Ceanglófar ar iarratasóirí a dhearbhú ar bhain siad leas as scéim dreasachta luathscoir Seirbhíse Poiblí roimhe seo nó nár bhain. Ceanglófar freisin ar iarratasóirí aon teidlíochtaí chun sochair phinsin Seirbhíse Poiblí (atá á íoc) a dhearbhú.

**Chun tuilleadh faisnéise a fháil maidir leis an scéim pinsean d'Fhostaithe Stáit Bunaithe, féach an suíomh Gréasáin seo a leanas: http://www.cspensions.gov.ie**

## 12. Caidreamh faoi Rún agus Caighdeáin Iompraíochta:

Ceanglaítear ar Chigire Pleanála forálacha ailt 573 agus 575 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2024 (arna leasú), a chomhlíonadh, ar forálacha iad a bhaineann le faisnéis rúnda a nochtadh agus le toirmeasc a chur ar chumarsáidí áirithe i ndáil le haon ní atá le breithniú nó le cinneadh ag an gCoimisiún, nó ag aon cheann dá choistí nó dá ghrúpaí comhairleacha. Aontóidh an ceapaí nach nochtfaidh sé/sí aon fhaisnéis rúnda do thríú páirtithe le linn na tréimhse fostaíochta ná ina diaidh.

## 13. An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995:

Beidh an ceapaí faoi réir na nAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995.

## 14. Cód Iompair – gníomhaíocht pholaitiúil:

De réir Chód Iompair an Choimisiúin, ní mór d'fhostaí dearbhú a thabhairt don Rúnaí maidir le comhaltas d'aon pháirtithe polaitíochta.

## 15. Ceanglais ar an bhFoireann:

Ceanglaítear ar gach fostaí cloí le Cód Iompair an Choimisiúin agus le gach beartas agus nós imeachta eile atá i bhfeidhm agus a leagfaidh an Coimisiún síos nó a leasóidh sé ó am go ham.

## 16. Fostaíocht Sheachtrach:

Post lánaimseartha a bheidh sa phost seo, agus ní fhéadfaidh an ceapaí dul i mbun cleachtadh príobháideach ná a bheith bainteach le haon ghnó seachtrach a thagann salach ar a d(h)ualgais oifigiúla, a chuireann as dá f(h)eidhmíocht nó a chuireann isteach ar a (h)ionracas.

## 17. Incháilitheacht chun Páirt a Ghlacadh sa Chomórtas

Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt dá n-aire go bhfuil incháilitheacht chun páirt a ghlacadh sa chomórtas ar oscailt do shaoránaigh de chuid an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch (LEE). Is é atá in LEE ballstáit an Aontais Eorpaigh mar aon leis an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua.

## 18. An Scéim Dreasachta Luathscoir (SDLS)

Is coinníoll é de chuid na Scéime Dreasachta Luathscoir (SDLS), mar atá leagtha amach i gCiorclán 12/09 ón Roinn Airgeadais, go bhfuil toirmeasc, faoin Scéim sin, ar dhaoine a scoir cur isteach ar phost eile san fhostaíocht chéanna nó san earnáil chéanna. Ní ceadmhach, mar sin, do dhaoine ar scor iarratas a dhéanamh ar an bpost seo.

## 19. Ciorclán ón Roinn Sláinte agus Leanaí (7/2010)

Tugadh isteach Scéim Luathscoir Shaorálaigh Spriocdhírithe (LSS) agus Scéimeanna Iomarcaíochta Saorálaí (SIS) le Ciorclán 7/2010 ón Roinn Sláinte dar dáta an 1 Samhain 2010. Is coinníoll de chuid scéim LSS é nach mbeidh daoine a bhaineann leas as an scéim incháilithe lena n-athfhostú san earnáil sláinte poiblí ná sa tSeirbhís Phoiblí i gcoitinne ná i gcomhlacht a chistítear go hiomlán nó go príomha as airgead poiblí. Tá feidhm ag an toirmeasc céanna ar athfhostú faoi SIS, ach amháin gur toirmeasc go ceann tréimhse 7 mbliana an toirmeasc agus, ina dhiaidh sin, beidh ceadú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ag teastáil chun aon duine a athfhostú. Níl daoine a bhain leas as na scéimeanna sin incháilithe chun páirt a ghlacadh sa chomórtas seo.

## 20. Dearbhú

Ceanglófar ar iarratasóirí a dhearbhú ar bhain siad leas as scéim dreasachta luathscoir Seirbhíse Poiblí roimhe seo nó nár bhain. Ceanglófar freisin ar iarratasóirí aon teidil chun sochair phinsin Seirbhíse Poiblí (atá á íoc nó atá caomhnaithe) ó aon fhostaíocht Seirbhíse Poiblí eile a dhearbhú agus/nó é a dhearbhú i gcás go bhfuair siad íocaíocht ionaid i leith seirbhís in aon fhostaíochta Seirbhíse Poiblí.

## 21. Ráiteas Príobháideachta i gcomhréir leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí – Próiseas Earcaíochta
**An Chríoch ar Chuici a Phróiseáiltear Faisnéis Phearsanta**

Reáchtálann an Coimisiún Pleanála próiseas earcaíochta inniúlachtbhunaithe chun folúntais laistigh den eagraíocht a líonadh. Chun é sin a chur i gcrích, iarrtar ar dhaoine aonair ar spéis leo foirm iarratais a chur isteach lena measúnú ag painéal agallaimh. I gcás an iarrthóra rathúil, beidh roinnt den fhaisnéis phearsanta a soláthraíodh ar an mbonn leis an gconradh fostaíochta (e.g., ainm agus seoladh) agus lena gcomhad pearsanra.

**An bunús dlí d'fhaisnéis phearsanta a phróiseáil**

- Tá sé riachtanach le haghaidh conradh a fheidhmiú nó chun dul isteach i gconradh den sórt sin
- Chun na hoibleagáidí dlíthiúla faoi na hAchtanna um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéis), 1994 go 2014, a chomhlíonadh.

**Faighteoirí**

Gheobhaidh na daoine seo a leanas d'fhaisnéis phearsanta ar na cúiseanna atá leagtha amach thíos:

| **Faighteoir** | **Cúis** |
|---|---|
| Acmhainní Daonna | An t-iarratas a stóráil, a admháil go bhfuarthas freagraí, agus comhfhreagras a dhéanamh le hiarratasóirí. |
| An Painéal Agallaimh | Gheobhaidh an painéal agallaimh d'iarratas chun gearrliostú agus measúnú a dhéanamh ar iarratasóirí |
| Teistiméirí | Iarrfar ar na hiarrthóirí rathúla teistiméirí a sholáthar ar féidir teagmháil a dhéanamh leo chun taifid oibre a bhailíochtú agus chun tuairimí a thabhairt ar oiriúnacht an iarratasóra don phost a bhfuil iarratas á dhéanamh air. Rachfar i dteagmháil leo chun foirm a chomhlánú agus ní mór ainm/seoladh an iarratasóra a sholáthar chun an teistiméireacht a fháil. |
| An Príomhoifigeach Míochaine | Is féidir go n-úsáidfimid do mhionsonraí pearsanta chun tú a atreorú chuig an bPríomhoifigeach Míochaine má thugtar aon saincheisteanna i d'fhoirm Sláinte Féinmheasúnaithe chun suntais. Seolfar cóip den fhoirm dearbhaithe freisin chuig an bPríomhoifigeach Míochaine i gcás atreoraithe. |

**Mionsonraí faoi aistrithe sonraí lasmuigh den Aontas Eorpach**

Ní dhéantar aon sonraí a phróiseáil lasmuigh den Aontas Eorpach.

**Cinnteoireacht uathoibrithe**

Ní bhaineann sé seo leis an bpróiseas seo.

**Tréimhse choinneála le haghaidh sonraí pearsanta**

Coinneofar iarratais ar feadh 12 mhí d'iarrthóirí neamhrathúla. I gcás iarrthóir rathúil, cuirfear a (h)iarratas ar a c(h)omhad fostaí agus coimeádfar é ar feadh thréimhse a f(h)ostaíochta agus ar feadh tréimhse chuí ina dhiaidh sin.

**Do chearta faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí, a mhéid a bhaineann leis an bpróiseas seo**

| Ceart | Míniú |
|---|---|
| Rochtain | Féadfaidh tú rochtain a iarraidh agus a fháil tráth ar bith ar an bhfaisnéis a iarradh sa phróiseas. |
| Iniomparthacht | Féadfaidh tú cóip de na sonraí seo a iarraidh agus a fháil i bhformáid leictreonach/inaistrithe tráth ar bith. |
| Léirscriosadh | Féadfaidh tú a iarraidh go léirscriosfaí na sonraí atá á sealbhú. Leagamar an tréimhse choinneála réamh-mheasta amach thuas. |
| Ceartú | Féadfaidh tú a iarraidh go gceartófaí aon fhaisnéis atá mícheart, de bharr í a bheith á nuashonrú nó ar chúis eile. Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil feidhm ag na spriocdhátaí le haghaidh iarratas fós. Mar sin de, ní fhéadfar aon fhaisnéis seachas faisnéis teagmhála a athrú tar éis an dáta deiridh le haghaidh iarratais a fháil. |
| Agóid | Féadfaidh tú agóid a dhéanamh in aghaidh an fhaisnéis seo a bheith á próiseáil agus féadfaidh tú a iarraidh go mbainfí d'iarratas den phróiseas. |


| | |
|---|---|
| Gearán a Dhéanamh | Féadfaidh tú gearán a dhéanamh lenár nOifigeach inmheánach Cosanta Sonraí (tá mionsonraí teagmhála leagtha amach thíos) agus/nó gearán a dhéanamh leis an údarás maoirseachta ábhartha – an Coimisiún um Chosaint Sonraí in Éirinn. |

**Mionsonraí Teagmhála**

**Ainm:** An tOifigeach Cosanta Sonraí

**Ríomhphost:** dataprotection@pleanala.ie

## Aguisín 1 – Eagraghram reatha an Choimisiúin Pleanála



**AGUISÍN 2 INNIÚLACHTAÍ – Éiceolaí**

| Saineolas, Oilteacht agus Féinfhorbairt |
|---|
| • Tá tuiscint shoiléir aige/aici ar a róil, a c(h)uspóirí agus a spriocanna féin agus ar conas a thagann siad le hobair na heagraíochta.<br>• Tá eolas cuimsitheach aige/aici ar a réimse teicniúil féin agus ar conas a bhaineann sé sin leis an gCoimisiún agus tá sé/sí tuisceanach faoi mhórthosaíochtaí polaitiúla agus eagraíochta.<br>• Measann geallsealbhóirí ina réimse féin gur saineolaí é/í.<br>• Tá sé/sí dírithe ar fhéinfhorbairt, ag iarraidh aiseolais agus deiseanna le haghaidh fáis chun cabhrú leis/léi riachtanais shonracha an róil a chomhlíonadh. |
| Scileanna Idirphearsanta agus Cumarsáide |
| • Cuireann sé/sí faisnéis i láthair ar bhealach muiníneach, loighciúil agus éifeachtach.<br>• Spreagann sé/sí plé oscailte cuiditheach maidir le saincheisteanna oibre.<br>• Cuireann sé/sí obair bhuíne chun cinn laistigh den rannóg agus oibríonn sé/sí go héifeachtach ar thionscadail ar fud na heagraíochta.<br>• Coinníonn sé/sí guaim agus smacht air/uirthi féin agus é/í ag obair chun dul i gcion ar dhaoine eile.<br>• Spreagann sé/sí béim láidir ar Sheirbhís do Chustaiméirí ina réimse féin.<br>• Déanann sé/sí líonra teagmhálaithe a chur le chéile agus a chothabháil chun réiteach fadhbanna nó comhroinnt faisnéise a éascú.<br>• Déanann sé/sí caidreamh éifeachtach le raon geallsealbhóirí. |
| Treallús agus Tiomantas |
| • Tá sé/sí féin-inspreagtha agus taispeánann sé/sí gur mian leis/léi ardleibhéal feidhmíochta a bhaint amach ar bhonn leanúnach.<br>• Tá sé/sí ionraic macánta agus is féidir brath air/uirthi.<br>• Cinntíonn sé/sí go bhfuil seirbhís ardchaighdeáin do chustaiméirí i gcroílár na seirbhísí go léir a sholáthraítear.<br>• Cothaíonn sé/sí na caighdeáin is airde eitice agus ionracais trí cheannaireacht eiseamláireach a thaispeáint. |